C/2026/5409

16.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12600 — PORTOBELLO / BLUEGEM / SUAVINEX BEABA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5409)

1. An 7 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Portobello Capital Fondo V, FCR ('Portobello', an Spáinn), faoi rialú Portobello Capital Gestión, SGEIC, S.A. (an Spáinn),

— Bluegem IV, SCSp ('Bluegem', Lucsamburg), faoi rialú Bluegem Capital S.à.r.l. (Lucsamburg),

— Béaba Suavinex Group SAS ('BSG', an Fhrainc), faoi rialú Bluegem.

Gheobhaidh Portobello agus Bluegem rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BSG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir neamhspleách ciste cothromais phríobháidigh Spáinneach é Portobello atá dírithe ar Mheánmhargadh na Spáinne, agus déanann sé infheistíocht trí na cistí a bhainistíonn sé agus tugann sé comhairle do ghnóthais atá gníomhach in go leor earnálacha agus tionscal,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh uile-Eorpach é Bluegem arb é a pholasaí infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí tomhaltóirí Eorpacha in earnálacha amhail sláinte tomhaltóirí, cúram baile, cúram leanaí, bia agus deochanna, cúram peataí agus áilleacht agus cúram pearsanta. Is cuideachta phunainne de Bluegem é BSG, a dhearann, a mhonaraíonn agus a dháileann táirgí cúraim leanaí agus naíonán den scoth.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12600 — PORTOBELLO / BLUEGEM / SUAVINEX BEABA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË